Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Lúnasa 2025**
**(OR. en)**

**12207/25**
**ADD 1**

**ENT 138**
**MI 591**
**COMPET 810**
**IND 308**
**TRANS 335**
**CYBER 226**
**DELACT 114**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 21 Lúnasa 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2025) 4842 final - Annexes 1 to 2 |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINNÍ<br>a ghabhann le<br>Rialachán Tarmligthe (AE) …/...ón gCoimisiún<br>lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 44/2014 a mhéid a bhaineann le ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta tástála a leagan síos maidir le feithiclí de chatagóir L a chosaint ar chibirionsaithe |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2025) 4842 final - Annexes 1 to 2.

---

Faoi iamh: C(2025) 4842 final - Annexes 1 to 2

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 23.7.2025
C(2025) 4842 final

ANNEXES 1 to 2

# IARSCRÍBHINNÍ

**a ghabhann le**

**Rialachán Tarmligthe (AE) …/...ón gCoimisiún**

**lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 44/2014 a mhéid a bhaineann le ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta tástála a leagan síos maidir le feithiclí de chatagóir L a chosaint ar chibirionsaithe**

# IARSCRÍBHINN I

In Iarscríbhinn I, sa tábla, cuirtear isteach an ró seo a leanas:

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| '155 | Cibearshlándáil agus córas bainistithe cibearshlándála | Forlíonadh 3 ar shraith leasuithe 00 | IO L, 2025/5, 10.1.2025, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2025/5/oj | Feithiclí de chatagóir L1e, L2e, L3e, L4e, L5e, L6e agus L7e, cé is moite d'fheithiclí de chatagóir L1e atá deartha i gcomhair troitheála dá dtagraítear in Airteagal 3, pointe (94)(b), de Rialachán (AE) Uimh. 168/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Eanáir 2013 maidir le ceadú agus le faireachas margaidh ar fheithiclí dhá nó trí roth agus cuadrothair |

## IARSCRÍBHINN II

‘

*IARSCRÍBHINN XVIII*

**Ceanglais a bhfuil feidhm acu maidir le feithiclí a chosaint ar chibirionsaithe**

1. Ceanglais

1.1. Ciallaíonn ‘cineál feithicle maidir leis an gcibearshlándáil’ catagóir feithiclí nach bhfuil éagsúil ó thaobh na ngnéithe seo a leanas:

(a) ainmniú an mhonaróra maidir leis an gcineál feithicle;

(b) gnéithe fíor-riachtanacha den ailtireacht leictreach/leictreonach agus de na comhéadain sheachtracha i ndáil leis an gcibearshlándáil.

1.2. Maidir le feithiclí de chatagóir L1e, L2e, L3e, L4e, L5e, L6e agus L7e, seachas feithiclí de chatagóir L1e atá deartha i gcomhair troitheála dá dtagraítear in Airteagal 3, pointe (94)(b), de Rialachán (AE) Uimh. 168/2013, comhlíonfaidh siad ceanglais ábhartha uile Rialachán Uimh. 155 ó na Náisiúin Aontaithe.

1.3. Beidh feidhm ag pointí 1.1 agus 1.2 mar a leanas:

(a) maidir le cineálacha nua feithiclí ón 11 Nollaig 2027;

(b) maidir le cineálacha feithiclí atá ann cheana ón 11 Meitheamh 2029.

’.